# ÁILLE NA hÍOBARTHA

*Breathnaíonn* ***Marie Whelton*** *ar leabhar nua fealsúnachta le Pádraig de Paor,* ***Áille na hÁille****, a bhriseann le múnla traidisiúnta na critice d'fhonn léargas úr a thabhairt dúinn ar fhoinse na litríochta*

PÉARLA LUACHMHAR Ó PHEANN Phádraig de Paor is ea *Áille na hÁille* ina gcleachtann an t-údar a chur chuige critice sainiúil féin. Ó foilsíodh *Na Buachaillí Dána*, tá taithí ag léitheoirí Gaeilge ar chur chuige tairseachúil de Paor. Is cur chuige é a eascraíonn as an léitheoireacht acadúil ní hamháin i réimse na critice liteartha, ach as an léitheoireacht leathan i limistéir na hantraipeolaíochta agus na fealsúnachta idirnáisiúnta, freisin. Is giorra an toradh don tóraíocht, don mhachnamh, don mheabhrú agus don mhíúin ná don anailís cháilíochtúil. Prós fileata spéacláireach atá ann seachas scríbhneoireacht acadúil sa chiall choinbhinsiúnta a léiríonn ar leibhéal na foirme gur 'iarrachtaí gaolmhara atá sa litríocht chruthaitheach agus sa chriticeas liteartha' araon. Dá bhrí sin, murab ionann is gnáthleabhar taighde, ní bhfaighidh an léitheoir liosta léitheoireachta, clár, innéacs, réamhrá ná conclúid sa leabhar seo. Is éard a gheobhaidh an léitheoir ná sraith d'aistí ag an gcaighdeán intleachtach is airde agus is é coincheap na híobartha atá mar shnáithe á gceangal le chéile.

Is é éacht de Paor in *Áille na hÁille* ná go n-éiríonn leis áilleacht phíosaí éagsúla litríochta a thaispeáint ar bhealach úr. Feidhmíonn sé mar 'fhear cleamhnais' agus éascaíonn sé teagmháil nua nó *rendez-vous* nua idir léitheoirí Gaeilge agus saothair litríochta dhifriúla. I measc na saothar Gaeilge a scrúdaíonn sé tá dán fíorchumhachtach le Derry O'Sullivan, 'An Lá go dtáinig Siad', *Cré na Cille* agus 'An Bhearna Mhil' le Máirtín Ó Cadhain, *Hula Hul* le Seán Mac Mathúna, 'Tá Solas ná hÉagann Choíche' le Pádraig Ó Cíobháin, *Eireaball Spideoige* le Seán Ó Ríordáin agus *An Claíomh Solais* le Liam Mac Cóil. Cé nach bhfuil 'Fornocht do chonac thú' ('áille na háille') le Pádraig Mac Piarais luaite i gcorp an leabhair, níl amhras faoi ach gur léirmheas inniúil é an leabhar ina iomláine ar dhán an Phiarsaigh, agus, cosúil leis an dán, déanann taighde tathagach de Paor iomrascáil oscailte leanúnach leis an éalú a ofrálann an cultúr ('an aisling do chumas') agus leis an bhféiníobairt a éilíonn an ghairm ("S ar an ród seo romham / m'aghaidh do thugas').

Gan scríbhneoirí ar leith a ainmniú, ardaíonn de Paor go leor ceisteanna faoi easnaimh na nua-litríochta Gaeilge i gcoitinne. Áitíonn sé gurb ionann 'cead a bheith ag gach duine "file" a thabhairt air féin is tíorántacht na drochfhilíochta'. Cáineann sé naircisíocht na nua-litríochta agus an claonadh atá inti, dar leis, tús áite a thabhairt don úire agus don chruthaitheacht seachas don mhiméis ar an traidisiún a chuaigh roimpi. Tugann sé dúshlán na scríbhneoirí dea-litríocht a chumadh seachas a bheith ag iarraidh margadh leathan a aimsiú.

Ar bhealaí difriúla, tugann de Paor léargas géarchúiseach ar a bhfuil i gceist aige le 'dea-litríocht'. Is éard atá inti ná litríocht a sholáthraíonn bríonna nua gach uair a léitear í agus a éilíonn dianstaidéar óna léitheoirí. Is litríocht í a bhfuil rian de streachailt an scríbhneora leis féin uirthi agus a chuireann an mhoráltacht san áireamh gan teacht i dtír ar fhulaingt dhaoine eile. Is litríocht í ina n-aithneoidh an léitheoir 'scáil an duine eile' seachas a íomhá féin. Thar aon ní eile, is litríocht í nach séanann agus nach seachnaíonn an Áille ná an íobairt.

Is í buntéis de Paor ná go bhfuil an íobairt ag croí an chultúir agus gur coincheap riachtanach é coincheap sin na híobartha in aon iniúchadh ar an gcultúr, ar an teanga nó ar an litríocht. René Girard is mó atá tar éis scríobh faoi choincheap na híobartha agus is iad a theoiricí siúd a thugann bunsraith do shaothar de Paor. Dar le Girard, tá fréamh fhoréigneach ag an gcultúr agus dar leis, is i gcoimhlint lena chéile a mhaireann na daoine. Is í an mhiméis pointe tosaigh theoiricí Girard. Is éard atá i gceist leis an mian miméiseach ná an claonadh atá i ndaoine daonna aithris a dhéanamh ar a chéile. Nuair a dhéanann daoine aithris ar smaointe agus ar idéanna a chéile spreagtar iomaíocht eatarthu agus casann siad ina gcéilí comhairc. Go minic, is é toradh dosheachanta na hiomaíochta sin ná an choimhlint agus an foréigean – foréigean a ghineann tuilleadh foréigin. Bíonn ar an gcine daonna réiteach a aimsiú agus is é an sceilpín gabhair/ ceap milleáin an réiteach. Cuireann an pobal an milleán ar dhuine neamhchiontach amháin agus in ionad an fhoréigin gan srian, déantar an foréigean a mhaolú trí é a dhíriú ar an sceilpín gabhair agus trí íobairt a dhéanamh den sceilpín gabhair sin. Ar an gcéad amharc, agus mura bhfuil cur amach ag an léitheoir ó fhoinsí eile ar theoiricí Girard, shílfí gur teoiricí diúltacha iad a thugann neamhaird ar an gcreideamh i mbunmhaitheas an duine, creideamh atá ag croílár na Críostaíochta (feic Geineasas 1:27, 31, 1 Tiomóid 4: 4, mar shampla) agus go leor creideamh eile. De réir mar a théann leabhar de Paor ar aghaidh, áfach, tuigtear gurbh fhearr féachaint ar theoiricí Girard mar theoiricí a thugann míniú úr fíorspéisiúil ar fheiniméan an fhoréigin (nó ar an bpeaca i dteanga an reiligiúin) agus ar an slánú i stair an chine dhaonna.



This content downloaded from 176.61.69.16 on Fri, 14 Apr 2023 13:47:36 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms

Mar a mhíníonn de Paor, tá tachar na nGiúdach leis an íobairt le sonrú ó thús go deireadh an tSean-Tiomna agus de réir a chéile tagann na Giúdaigh ar thuiscint nua ar an íobairt. Is sa Soiscéal ansin, agus go háirithe i bpearsa Chríost, a léirítear gurb í an fhéiníobairt freagra Dé ar thimthriall an fhoréigin sa tsochaí. Is éard atá san fhéiníobairt ná íobairt nach ligeann do dhuine eile 'm'ionad féin' a thógáil, íobairt atá réidh, más gá, ionad duine eile a thógáil chun an duine sin a shábháil ón bhfulaingt. Sa traidisiún Giúd-Chríostaí is é an t-íobartach (an duine lag) atá le cosaint, nó i bhfocail de Paor:

> I ndiaidh na Páise, dar le Girard, tá an cultúr daonna athraithe ó bhonn. Feasta...in ionad sceilpín gabhair a dhéanamh den bhacach...is...trí chúram a dhéanamh díobh sin a bhainfear amach an slánú.

Fágann sé sin go bhfuil dhá mhúnla den íobairt ann atá de dhlúth agus d'inneach an chultúir dhaonna:

1. An íobairt ina gcuirtear duine amháin chun báis (ceap milleáin) ar mhaithe le síocháin sa tsochaí, agus
2. An fhéiníobairt ina bhfulaingíonn duine dá thoil féin ar son duine eile agus ar mhaithe leis an duine sin.

Tríd an leabhar síos, taiscéalann de Paor gnéithe éagsúla den dá mhúnla sin den íobairt agus léiríonn sé nach n-éalaíonn an litríocht is fearr ó na coincheapa sin ach go dtéann sí i ngleic leo. Dar le de Paor, bíonn claonadh ag nua-aoiseoirí neamhaird a thabhairt ar chumhacht na múnlaí sin mar choincheapa agus mar phróisis a thugann bonn don chultúr agus don ealaín dhaonna go léir. Go bunúsach, tugann na múnlaí sin den íobairt tuiscint dúinn ar nádúr an oilc agus ar nádúr na maitheasa agus dá bhrí sin ar an eitic.


Ní haon ionadh é, dá bhrí sin, agus an t-olc á phlé aige, go gcíorann de Paor an Naitsíochas go beacht i gcomhthéacs an dá mhúnla sin den íobairt agus go n-áitíonn sé go ndéanann an Naitsíochas ionsaí oscailte ar an iarracht a dhéanann an Giúdachas agus an Chríostaíocht deireadh a chur leis an gceap-mhilleánú. Ina léirmheas íogair corraitheach ar dhán Derry O'Sullivan, téann de Paor i ngleic le gnéithe éagsúla d'eitic na healaíne. Pléann sé go críochnúil leis an áit a bhíodh ag cúrsaí cultúir i réimeas na Naitsithe. Is é ceann de na léargais is scanrúla sa leabhar nach mór dúinn 'an fhíric mhíchompordach a admháil go dtig leis an bhraistint íogáir aeistéitiúil maireachtáil taobh le taobh leis an sádachas bharbartha san aon duine amháin'.

Cuardaíonn de Paor feidhm eiticiúil na healaíne ar shlite eile, freisin, agus áitíonn sé gur féidir leis an litríocht (agus go háirithe an scéalaíocht agus an caoineadh) cabhrú linn bealaí a aimsiú chun freagairt don olc agus chun freagracht a ghlacadh sa chath i gcoinne an oilc. Tá tionchar John Henry Newman le léamh uaireanta ar shaothar de Paor. Tá an tionchar sin le feiceáil go háirithe ar an bplé a dhéanann sé ar an mbeatha a chaitear i seirbhís na gairme a bhfuil an duine sin 'tofa di' agus ar an bplé ar an mbeatha atá caite 'ar mhaithe le rud níos tábhachtaí ná an bheatha féin'. Seasann an bheatha sin i nglanchodarsnacht leis an mbeatha a dhéanann iarracht uathúil a bheith dílis don 'duine is dual'. Tugann de Paor an chodarsnacht sin chun suntais go caolchúiseach cumasach agus é ag míniú go bhfuil claonadh sa chultúr 'dí-eaglaisaithe' nua-aimseartha i dtreo thóir an ionracais indibhidiúil seachas i dtreo na híobartha. Dar leis, bíonn an claonadh sin le feiceáil go háirithe sa nua-fhilíocht.

Cé go ndéanann de Paor go leor tagairtí do dhí-eaglaisiú an chultúir nua-aimseartha, is trua nach bpléann sé le ról na n-eaglaisí féin sa dí-eaglaisiú sin. Ar bhain na heaglaisí míchiall nó míthuiscint uaireanta as bás Chríost, mar shampla? Ar fhéach na heaglaisí ar Chríost mar íobairt do Dhia a éilíonn íobairtí seachas mar sceilpín gabhair atá ar thaobh na n-íospartach agus a chuireann deireadh leis an íobairt? Cén fáth a raibh sé chomh héasca sin ag údaráis eaglasta sceilpín gabhair a dhéanamh as leanaí neamhchiontacha chun clú na heaglaise caitlicí a chosaint? Cén fáth a bhfuil tost (cúpla eisceacht as an áireamh) faoin gcaibidil sin de stair na hÉireann i litríocht agus i gcritic na Gaeilge? Is ceisteanna iad sin nach bhfuil freagraí agamsa orthu, ach i bhfianaise a bhfuil foilsithe fúthu le fiche bliain anuas, is ceisteanna iad a chaithfidh a bheith lárnach in aon dioscúrsa nua-aimseartha faoin íobairt, faoin gCríostaíocht agus faoin gcultúr Éireannach.

Ceist faoi dhí-eaglaisiú an chultúir a dtéann de Paor i ngleic go mion léi ná ceist na hÁille. Fiafraíonn sé an bhfuil séanadh na hÁille sa chultúr comhaimseartha ceangailte le dí-eaglaisiú an chultúir i gcoitinne. Áitíonn sé gur mó an bhéim a chuirtear ar an láidreacht ná ar an Áille sa lá atá inniu ann agus píosaí ealaíne á meas. Machnamh domhain ar nádúr na háille atá ag deireadh an leabhair, áit a sroicheann an saothar a bhuaic. Déanann de Paor comparáid agus codarsnacht idir an 'áille' bhréagach aerscuabtha agus an 'Áille nach ndiúltaíonn don fhulaingt, don chruatan ná don fhéin-íobairt'. Is í an Áille atá fréamhaithe san íobairt atá ag teastáil i litríocht na Gaeilge, dar le de Paor – Áille a éilíonn íobairt ón léitheoir agus ón scríbhneoir araon.

Níl amhras faoi ach go n-éilíonn leabhar de Paor íobairt agus dianmhachnamh ón léitheoir. Uaireanta shíl mé go ndeachaigh an leabhar i bhfeidhm orm ag leibhéal an choinsiasa féin. D'fhág sé míshocair mé go minic agus, cosúil leis an gceannaí a bhí ag lorg péarlaí breátha, bhí orm nithe eile a chur de leataobh chun m'aird iomlán a dhíriú ar an bpéarla ní ba luachmhaire seo. Tá ardmholadh tuillte ag *Áille na hÁille* as solas úr scolártha a chaitheamh ní hamháin ar ábhar fairsing gabhlánach na híobartha, ach ar ghnéithe de bhuneisint na teanga, na litríochta agus an chultúir i gcoitinne. Molaim an comhlacht foilsitheoireachta, An Sagart, freisin, as leabhar fealsúnachta dá leithéid a fhoilsiú, leabhar nach ndíríonn ar an margadh leathan. Cuireann sé go mór leis an tsraith Dán agus Tallann.




***ÁILLE NA hÁILLE: GNÉITHE DE CHOINCHEAP NA hÍOBARTHA***
LE PÁDRAIG DE PAOR
AN SAGART (2013) | 201 LCH | ISBN 978-1903896822 | €24



This content downloaded from 176.61.69.16 on Fri, 14 Apr 2023 13:47:36 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms